

1  
-18  
SAINMHÍNIÚ AR CAD IS LEANBH ANN

2  
EASPA LEITHCHEALA

3  
LEAS AN LINBH

4  
CEARTA A CHUR I BHFEIDHM

5  
TREOIR ÓN TEAGHLACH I RITH FHOIRBAIRT AN LINBH

6  
AN BHEATHA, AN MARTHANAS AGUS AN FHOIRBAIRT

7  
AINM AGUS NAISIUNTACHT

8  
AITHEANTAS

9  
TEAGHLAIGH A CHOINNEÁIL LENA CHÉILE

10  
TEAGMHÁIL LE TUJSMITHEOIRÍ ATÁ I DTÍORTHA ÉAGSULA

11  
COSAINN ÓN BHFUADACH

12  
MEAS AR DHEARCTHA NA LEANAÍ

13  
SMAOINTE A ROINNT GO HOSCAILTE

14  
SAOIRSE SMAOINTE AGUS CREIDIMH

15  
GRÚPAÍ A BHUNÚ, NÓ CLARÚ LE GRÚPAÍ

16  
PRÍOMHÁIDEACHAS A CHOSAINN

17  
ROCHTAIN AR EOLAS

18  
FREAGRACHT NA DTUISMITHEOIRÍ

19  
COSAINN ÓN BHFOREIGEAN

20  
LEANAÍ GAN TEAGHLACH

21  
LEANAÍ UCHTAITHE

22  
LEANAÍ INA NDÍDEANAITHÉ

23  
LEANAÍ FAOI MHÍCHUMAS

24  
SLÁINTE, UISCE, BIA, AN TIMPEALLACHT

25  
ATHBHREITHNIÚ AR SHOCRÚCHÁN AN LINBH

26  
CABHAIR SHÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCH

27  
BIA, ÉIDE, BAILE SLÁN SÁBHAILTE

28  
ROCHTAIN AR OIDEACHAS

29  
AIDHMEANNA AN OIDEACHAIS

30  
CULTÚR, TEANGA AGUS CREIDEAMH NA MIONLACH

31  
AN SCÍTH, SÚGRADH, AN CULTÚR AGUS NA HEALAÍONA

32  
COSAINN ÓN OBAIR DHÍOBHÁLACH

33  
COSAINN Ó DHRUGAÍ BAOLACHA

34  
COSAINN ÓN MHÍ-ÚSÁID GHNÉASACH

35  
DÍOL AGUS GÁINNEÁIL LEANAÍ A CHOSC

36  
COSAINN ÓN NDÚSHAOTHRÚ

37  
LEANAÍ FAOI CHOINNEÁIL

38  
COSAINN IN AM AN CHOGAIDH

39  
TÉARNAMH AGUS IMEASCADH

40  
LEANAÍ A SHÁRAÍONN AN DLÍ

41  
AN DLÍ IS FEARR LE LEAS NA LEANAÍ A CHUR I BHFEIDHM

42  
CAITHFIDH CEARTA NA LEANAÍ BHEITH AR EOLAS AG CÁCH

43-54  
CONAS MAR A FHEIDHMIONN AN COINBHINSIÚN

# AN COINBHINSIÚN UM CHEARTA AN LINBH

**7** Caithfear leanaí a chlárú nuair a bheirtear iad, agus ainm a chur orthu a bheadh aitheanta go hoifigiúil ag an rialtas. Caithfidh náisiúntacht a bheith ag na leanaí (go mbaineann siad le tír dhúchais). Chomh fada agus is féidir é ba cheart go n-aithneodh na leanaí a gcuid tuismitheoirí, agus go dtabharfadh na tuismitheoirí féin aire dóibh.

**6** Tá ceart chun na beatha ag gach aon leanbh. Caithfidh na rialtais féachaint chuige go maireann na leanaí, agus go bhforbraíonn siad ar an mbealach is fearr ar domhan.

**5** Ba cheart go dtabharfadh na rialtais cead do na tuismitheoirí agus do na pobail, a gcuid leanaí a threorú, ionas gur féidir leo a gcuid cearta a úsáid ar an mbealach is fearr, agus iad ag fás aníos. Dé réir mar a fhásann na leanaí, is ea is lú treorú a bheidh uathu.

**4** Caithfidh na rialtais a ndícheall a dhéanamh féachaint chuige go bhfuil buntáistí an choinbhinsiúin seo ar fáil do na leanaí ar fad a chónaíonn sa tír.

**3** Nuair a dhéanann daoine fásta cinneadh, ba cheart go smaoinoidís ar thionchar an chinnidh ar na leanaí. Ba cheart go mbeadh leas na leanaí mar phríomhaidhm ag gach aon duine fásta. Ba cheart go ndéanfadh na rialtais deimhin de go gcosnaítear na leanaí agus go dtugann na tuismitheoirí aire dóibh nó go ndéanann daoine eile a leithéid nuair is gá. Caithfidh na rialtais féachaint chuige go dtugann na daoine freagracha ar fad, aire mhaith do na leanaí, pé áit ina mbíonn na leanaí céanna.

**2** Tá na cearta seo ag na leanaí ar fad, is cuma cé hiad, nó cén áit ina gcónaíonn siad, nó an teanga a labhraíonn siad, nó cén creideamh atá acu, nó cad a cheapann siad, nó cén cruth atá orthu, más buachaillí nó cailíní iad, más daoine faoi mhíchumas iad, más bocht nó saibhir iad, is cuma cé hiad na tuismitheoirí nó na teaghlai, nó cad a chreideann nó a dhéanann siadsan. Ní cheart go gcaithfí go míchothrom le leanbh ar bith ar fáth ar bith.

**1** Tugtar leanbh ar dhuine ar bith faoi aois 18.

**14** Tá sé de cheart ag na leanaí a gcuid smaointe, tuairimí, creideamh féin a bheith acu a fhad is nach gcuireann a leithéid bac ar dhaoine eile a gcuid cearta féin a bheith acu. Is féidir le tuismitheoirí na leanaí atá ag fás a threorú le go bhfoghlaimoidís an bealach cóir lena gcuid cearta a úsáid.

**13** Tá sé de cheart ag leanaí an rud a fhoghlaimíonn siad, a gcuid mothúchán, a gcuid smaointe a roinnt go hoscailte le daoine eile, trí chaint, nó líniocht, nó scríobh a dhéanamh, nó ar bhealach ar bith nach ngortaíonn daoine eile.

**12** Tá sé de cheart ag leanaí a gcuid tuairimí a nochtadh go hoscailte maidir le hábhar a imríonn tionchar orthu. Caithfidh na daoine fásta éisteacht dáiríre a thabhairt dóibh.

**11** Caithfidh na rialtais féachaint chuige nach dtugtar leanaí as an tír nuair a bhíonn a leithéid in aghaidh an dlí – le go bhfuadófaí iad mar shampla, nó go gcoimeádfadh tuismitheoir amháin thar lear iad i gcoinne tola an duine eile.

**10** Má chónaíonn an leanbh i dtír éagsúil ó na tuismitheoirí, caithfidh na rialtais ligean don leanbh agus do na tuismitheoirí taisteal le fanacht i dteagmháil agus bheith lena chéile.

**9** Ní cheart leanaí a scaradh óna dtuismitheoirí ach amháin mura dtugann na tuismitheoirí aire cheart dóibh – má ghortaíonn tuismitheoir iad mar shampla, nó faillí a dhéanamh iontu. Ba cheart go mbeadh teagmháil ag leanaí leis an mbeirt tuismitheoir mura mbíonn siadsan ina gcónaí lena chéile, ach amháin dá mbeidis i mbaol dá bharr.

**8** Tá ceart aitheantais ag gach aon leanbh – taifead oifigiúil a luann an t-ainm, an náisiúntacht agus na gaolta. Ní cheart a leithéid a bhaint díobh, ach má tharlaíonn sé, caithfidh na rialtais cabhrú leis na leanaí an t-aitheantas a bheith ar ais acu ar an toirt.

**21** Má uchtaítear leanaí, is é an rud is tábhachtaí ná go dtabharfaí tús áite do leas na leanaí sin. Mura féidir aire cheart a thabhairt do leanaí ina dtíortha féin - trí chónaí le teaghlach éagsúil, mar shampla - seans go bhféadfaí iad a uchtú i dtír eile.

**20** Mura mbíonn ar chumas a muintire féin aire a thabhairt dóibh, tá an ceart ag leanaí go dtabharfadh daoine eile aire dóibh, má bhíonn meas ag na daoine sin ar chreideamh, ar chultúr, ar theanga agus ar ghnéithe eile de shaol na leanaí.

**19** Caithfidh na rialtais na leanaí a chosaint ón bhforéigean, ón mhí-úsáid, agus ón bhfaillí a dhéanfadh duine ar bith a thugann aire dóibh.

**18** Is ar na tuismitheoirí atá an príomhdhualgas maidir le tógáil na leanaí. Mura mbíonn tuismitheoir ar bith ag leanbh, beidh an fhreagracht sin ar dhuine fásta eile. Tugtar ‘caomhnóir’ ar an duine sin. Ba cheart go mbeadh leas an linbh mar phríomhaidhm ag tuismitheoirí agus ag caomhnóirí. Ba cheart do na rialtais cuidiú leo. Má bhíonn beirt thuismitheoir ag leanbh, tá an dualgas ar an mbeirt maidir le tógáil an linbh.

**17** Tá sé de cheart ag na leanaí eolas a fháil ón idirlíon, ón raidió, ón teilifís, ó leabhair agus ó fhoinsí eile. Caithfidh na daoine fásta féachaint chuige nach aon ábhar díobhálach an t-eolas sin. Ba cheart go spreagfadh na rialtais na meáin le heolas ó réimse leathan foinsí a roinnt ar bhealach a bheadh sothuigte do na leanaí.

**16** Tá ceart príobháideachta ag an uile leanbh. Caithfidh an dlí príobháideacht, baile, cumarsáid, agus clú (dea-cháil) an linbh a chosaint ó ionsaí ar bith.

**15** Tá sé de cheart ag leanaí a gcuid grúpaí féin a bhunú, nó dul in eagraíocht ar bith, agus cruinniú lena chéile, a fhad is nach gcuirtear isteach ar dhaoine eile dá bharr.

**28** Tá ceart chun oideachais ag gach leanbh. Ba cheart an bhunscolaíocht a bheith saor in aisce, agus oideachas dara leibhéal agus ardoideachas ar fáil do chách. Ba cheart na leanaí a spreagadh le freastal ar an gcaighdeán is airde oideachais agus is féidir. Bíodh meas ag córas smachta na scoile ar chearta na leanaí, gan foréigean ar bith in úsáid.

**27** Tá sé de cheart ag na leanaí cothú, éide agus áit chónaithe slán a bheith acu, le go bhféadfaidís forbairt ar an mbealach is fearr ar fad. Ba cheart go gcabhródh an rialtas leis na teaghlai nach bhfuil sé ar acmhainn acu a leithéidí a thabhairt do na leanaí.

**26** Ba cheart go gcuirfeadh an rialtas cúnamh airgid agus gach cabhair eile ar fáil le tacú leis na leanaí a bhaineann le teaghlai atá ar bheagán airgid.

**25** Ba cheart go ndéanfaí measúnú go rialta ar leanaí ar bith a cuirtear ag cónaí as baile. Ba cheart an cúram, an chosaint agus an tsláinte a mheas le bheith cinnte faoi go bhfuil ag éirí go maith leo agus go gcónaíonn siad san áit is oiriúnaí ar fad dóibh.

**24** Tá an ceart ag na leanaí an cúram sláinte is fearr a bheith acu, uisce glé le hól, bia folláin agus a bheith ina gcónaí i dtimpeallacht ghlan slán. Ba cheart go mbeadh eolas ag leanaí agus ag daoine fásta maidir leis an mbealach le saol slán sláintiúil a chaitheamh.

**23** Ba cheart go mbeadh an saol is fearr agus is féidir i measc na sochaí ag leanaí atá faoi mhíchumas. Ba cheart go bhfaigheadh na rialtais réidh le bac ar bith a chuirfí roimh leanaí faoi mhíchumas ionas gur féidir leo a bheith neamhspleách agus gníomhach i measc an phobail.

**22** Ba cheart cúnamh agus cosaint a bhronnadh ar leanaí a mheas na sochaí eile mar dhéanaithe (toisc nach bhfuil siad slán ina dtír féin) agus na cearta céanna atá ag leanaí a rugadh sa tír nua a bheith acu.

**35** Caithfidh na rialtais féachaint chuige nach bhfuadófaí ná nach ndíolfaí leanaí, nach dtabharfaí chuig tíortha nó chuig áiteanna eile iad le go ndéanfaí dúshaothrú orthu.

**34** Caithfidh na rialtais leanaí a chosaint ón teacht i dtír gnéasach, agus ón mhí-úsáid ghnéasach, agus ó iallach a bheith orthu feis ar airgead a bheith acu, ionas nach gcuirfeadh daoine brú orthu a bheith páirteach i bpictiúir nó i scannáin ghnéasacha.

**33** Caithfidh na rialtais leanaí a chosaint ó dhrugaí baolacha a ghlacadh, a dhéanamh, a iompar, nó a dhíol.

**32** Tá an ceart ag leanaí cosaint a fháil ó obair dhiobhálach a dhéanamh, nó obair a chuirfeadh isteach ar a gcuid oideachais, a gcuid sláinte, ar a gcuid forbartha. Má bhíonn leanaí ag obair, tá an ceart acu a bheith slán agus go n-iocfaí go cothrom iad.

**31** Tá sé de cheart ag gach leanbh sos a ghlacadh, scíth a ligean, a bheith ag súgradh agus páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha agus cruthaitheacha.

**30** Tá an ceart ag na leanaí a dteanga féin, a gcultúr, a gcreideamh a chleachtadh, fiú mura mbíonn a leithéidí á gcleachtadh ag formhór na ndaoine a chónaíonn sa tír leo.

**29** Ba cheart go gcuirfeadh oideachas na leanaí ar a gcumas an phearsantacht, na tallanna, agus an ábaltacht atá iontu a fhorbairt, agus go dtabharfadh sé tuiscint dóibh ar a gcearta féin, agus conas na cearta a thabhairt do dhaoine eile, dá n-éagsúlachtaí, dá gcultúr. Chabhródh sé seo leo maireachtáil go síochánta agus an comhshaol a chosaint.

**42** Ba cheart go gcuirfeadh na rialtais oiliúint éifeachtach ar na leanaí agus ar na daoine fásta maidir leis an gCoinbhinsiún seo le go mbeadh cearta na leanaí ar eolas ag cách.

**41** Má tá tíortha ann ina dtugtar cosaint níos fearr do chearta na leanaí seachas mar atá luaite sa Choinbhinsiún seo, ba cheart na dlíthe sin a bheith in úsáid.


**40** Nuair a chuirtear i leith leanaí gur bhriseadar an dlí tá sé de cheart acu cabhair dlí agus déileáil chóir a fháil. Ba cheart go mbeadh réimse roghanna ann a chabhródh leo a bheith ionraic i measc an phobail. Ba cheart gurbh é an príosún an rogha deiridh dóibh.

**39** Tá an ceart ag leanaí cabhair a fháil má ghortaítear iad, má dhéantar faillí iontu, má chaitear go holc leo, nó má ghoilleann an cogadh orthu, ionas gur féidir leo a gcuid sláinte agus a gcuid dínite a bhaint amach athuair.

**38** Tá an ceart ag leanaí cosaint a fháil in am an chogaidh. Nil cead ag leanbh faoi bhun 15 clárú in arm ná páirt a ghlacadh i gcogadh.

**37** Nuair a chuirtear i leith leanaí gur bhriseadar an dlí, ní cheart na leanaí sin a mharú, a chéasadh, caitheamh go cruálach leo, iad a chur i bpríosún go deo, ná iad a chur i bpríosún in éineacht le daoine fásta. Ba cheart gurbh é an cinneadh deiridh iad a chur i bpríosún agus nach mbeidis ann ach ar feadh an achair is lú. Má tá leanaí i bpríosún ba cheart cabhair dlí a thabhairt dóibh agus cead a bheith i dteagmháil leis an teaghlach.

**36** Tá an ceart ag leanaí cosaint a fháil ó dhúshaothrú eile ar bith (teacht i dtír orthu) fiú amháin mura luaitear na bealaí dúshaothraithe sin sa Choinbhinsiún seo.



# AN COINBHINSIÚN UM CHEARTA AN LINBH

## COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN LINBH – LEAGAN NA LEANAÍ

Is comhaontú tábhachtach é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a chuimsíonn na tíortha sin a rinne gealladh dá chéile cearta na leanaí a chosaint.

Míníonn an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh cé hiad na leanaí, na cearta ar fad atá acu, agus na dualgais atá ar na rialtais ina leith. Tá cónasc i measc na gcearta, tá siad uile ar aon chéim ó thaobh tábhachta de, agus ní féidir iad a bhaint de na leanaí.

Tacaíonn an Coiste um Chearta na Leanáí leis an téacs seo.



**43-54** Tugann na hailt seo míniú faoin mbealach ina bhfeidhmíonn na rialtais, na Náisiúin Aontaithe, (Coiste um Chearta an Linbh agus UNICEF san áireamh) agus eagraíochtaí eile le deimhin a dhéanamh de go mbíonn iomlán a gcuid cearta á mbaint ag na leanaí.